2024/2948

3.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2948 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

maidir le neamh-fhormheas substaintí gníomhacha áirithe lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 89(1), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]), in Iarscríbhinn II de, bunaítear liosta de theaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí a áirítear sa chlár athbhreithniúcháin ar shubstaintí gníomhacha atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha.

(2) I gcás roinnt teaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí a áirítear sa liosta sin, rinne na rannpháirtithe uile a dtacaíocht a tharraingt siar nó meastar go ndearna siad a dtacaíocht a tharraingt siar in am trátha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') cuireadh oscailte chun ról an rannpháirtí a ghlacadh i gcás na dteaglamaí sin de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí nár glacadh ról an rannpháirtí ina leith roimhe sin. I gcás na dteaglamaí sin, níor cuireadh aon fhógra faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear le hAirteagal 14(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 20, an chéad mhír, pointe (b), den Rialachán Tarmligthe sin, níor cheart na teaglamaí sin de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí a fhormheas lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha. Is iad seo a leanas na teaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí sin:

   (a) airgead arna asú ar dhé-ocsaíd shileacain (mar nana-ábhar i bhfoirm comhiomlán cobhsaí le cáithníní príomhúla sa nanascála) (cineál táirge 9);

   (b) p-[(Dé-idimeitil)sulfónail]tolúéin (cineálacha táirgí 6, 7, 9, 10).

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Níl na substaintí gníomhacha a liostaítear san Iarscríbhinn formheasta le haghaidh na gcineálacha táirgí a shonraítear inti.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/1062/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Teaglamaí de shubstaintí gníomhacha/cineálacha táirgí nach bhfuil formheasta:

Uimhir Iontrála in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh.-1062/2014	**Ainm na substainte**	**An Ballstát is Rapóirtéir**	**Uimhir CE**	**Uimhir CAS**	**An cineál/na cineáil táirge**
1017	Airgead arna asú ar dhé-ocsaíd shileacain (mar nana-ábhar i bhfoirm comhiomlán cobhsaí le cáithníní príomhúla sa nanascála)	SE	Níl sé ar fáil	Níl sé ar fáil	9
554	p-[(Dé-idimeitil)sulfónail]tolúéin	CH	243-468-3	20018-09-1	6, 7, 9, 10